BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

7 Samhain 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2014/23/AE – Nós imeachta dámhachtana conarthaí lamháltais – Airteagal 43 – Modhnú arna dhéanamh ar lamháltas reatha gan deis a thabhairt d'iomaitheoirí – Lamháltas mótarbhealaí – Titim Dhroichead Morandi in Genova (an Iodáil) – Imeachtaí náisiúnta um mhainneachtain thromchúiseach in oibleagáidí cothabhála agus caomhnú an ghréasáin mótarbhealaí – Oibleagáidí nua ar an lamháltóir – Oibleagáid an údaráis chonarthaigh cinneadh a ghlacadh roimh ré ar an ngá le nós imeachta dámhachtana nua a eagrú – Oibleagáid ar an údarás conarthach scrúdú a dhéanamh roimh ré ar iontaofacht an lamháltóra)

I gCás C-683/22,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ó Tribunale amministrativo regionale per il Lazio (Cúirt Riaracháin Réigiúnach Lazio, an Iodáil), trí bhreith an 19 Deireadh Fómhair 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 4 Samhain 2022, sna himeachtaí

Adusbef – Associazione difesa utenti servizi bancari e finanziari

v

Presidenza an Consiglio dei Ministri,

Ministero dell'Economia e delle Finanze,

Ministero delle Infrastrutture e della Mobilità sostenibili,

DIPE – Dipartimento programmazione e coordinamento della politica economica,

Autorità di regolazione dei trasporti,

Corte dei Conti,

Avvocatura generale dello Stato,

idiragraithe:

Mundys SpA, Atlantia SpA roimhe seo,

Autostrade per l'Italia SpA,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

Holding Reti Autostradali SpA,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis, Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, D. Gratsias agus E. Regan (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: C. Di Bella, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 28 Feabhra 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Adusbef – Associazione difesa utenti servizi bancari e finanziari, ag D. Granara agus D. Mazzola, avvocati,

– Mundys SpA, Atlantia SpA roimhe seo, ag D. Gallo, G. Vercillo agus A. Zoppini, avvocati,

– Autostrade per l'Italia SpA, ag F. Anglani, M. Annoni, A. Cogoni, M. Merola agus L. Torchia, avvocati,

– Holding Reti Autostradali SpA, ag A. Parini, I. Perego, A. Police, agus G. M. Roberti, avvocati,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó G. Caselli, S. Fiorentino agus G. Galluzzo, avvocati dello Stato,

– Rialtas na Gearmáine, ag J. Möller agus P.L. Krüger, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hEastóine, ag N. Grünberg, i gcáil Gníomhaire,

– an Coimisiún Eorpach, ag G. Gattinara agus G. Wils, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 30 Aibreán 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagail 38, 43 agus 44 de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO 2014 L 94, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Adusbef – Associazione difesa utenti servizi bancari e finanziari (an Comhlachas um Chosaint Úsáideoirí Seirbhísí Baincéireactha agus Airgeadais) agus Presidenza del Consiglio dei ministri (Uachtaránacht Chomhairle na nAirí, an Iodáil), Ministero dell'Economia e delle Finanze (an Aireacht Eacnamaíochta agus Airgeadais, an Iodáil), Ministero delle Infrastrutture e della Mobilità sostenibili (an Aireacht Bhonneagair agus Soghluaiseachta

Inbhuanaithe, an Iodáil), DIPE – Dipartimento programmazione e coordinamento della politica Economica (an Roinn Pleanála agus Comhordaithe Beartais Eacnamaíochta, an Iodáil), Autorità di regolazione dei trasporti (an tÚdarás um Rialú Iompair, an Iodáil), Corte dei Conti (an Chúirt Iniúchóirí, an Iodáil), agus Avvocatura generale dello Stato (Oifig Abhcóide an Stáit, an Iodáil) maidir le dleathacht na modhnuithe arna ndéanamh ar an lamháltas mótarbhealaigh atá ag Autostrade per l'Italia SpA ('ASPI'), i ndiaidh thitim Dhroichead Morandi in Genova (an Iodáil) an 14 Lúnasa 2018.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

3 Leagtar amach an méid seo a leanas le haithrisí 75 agus 76 de Threoir 2014/23:

'(75) Is iondúil go mbíonn sásraí teicniúla agus airgeadais casta fadtéarmacha i gceist le conarthaí lamháltais a bhíonn faoi réir comhthéacs athraitheach go minic. Dá bhrí sin, ní mór soiléiriú a thabhairt ar na dálaí faoina n-éilítear nós imeachta dámhachtana lamháltais nua mar gheall ar mhodhnuithe arna ndéanamh ar lamháltas reatha atá á fheidhmiú, i bhfianaise chásdlí na [Cúirte] sa réimse sin. Is gá nós imeachta dámhachtana lamháltais nua a thionscnamh i gcás ina ndéantar mór-mhodhnuithe ar an lamháltas tosaigh, go háirithe ó thaobh raon feidhme agus ábhar chearta agus oibleagáidí cómhalartacha na bpáirtithe, lena n-áirítear dámhachtain cearta maoine intleachtúla. Dearbhaítear trí na modhnuithe sin an rún atá ag na páirtithe ath-idirbheartaíocht a dhéanamh ar choinníollacha bunúsacha an lamháltais sin. [...]

(76) D'fhéadfadh imthosca seachtracha nárbh fhéidir leo a thuar a bheith roimh na húdaráis chonarthacha agus na heintitis chonarthacha agus an lamháltas á dhámhachtain, go háirithe i gcás ina bhfeidhmítear an lamháltas ar feadh tréimhse fhada. Sna cásanna sin, ba cheart gur féidir leo a bheith solúbtha go pointe áirithe chun an lamháltas a chur in oiriúint do na himthosca sin gan nós imeachta dámhachtana nua a thionscnamh. Is é atá i gceist le coincheap na n-imthosca dothuartha ná imthosca nárbh fhéidir le húdarás conarthach nó eintiteas conarthach teacht rompu, bíodh is go ndearna siad a ndícheall cuí agus an lamháltas tosaigh á ullmhú, i bhfianaise na n-acmhainní go léir a bhfuil teacht acu orthu, chineál agus thréithe an tionscadail, dhea-chleachtais na hearnála agus an ghá atá leis na hacmhainní arna n-úsáid chun dámhachtain an lamháltais a chur ag teacht mar is cuí lena luach intuartha. [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 3 den Treoir sin, dar teideal 'Prionsabail na córa comhionainne, an neamh-idirdhealaithe agus na trédhearcachta':

'(1) Caithfidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha go cothrom neamh-idirdhealaitheach le hoibreoirí eacnamaíocha agus gníomhóidh siad go trédhearcach, comhréireach.

[...]

(2) Féachfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha le trédhearcacht na nósanna imeachta dámhachtana comhlíonta an chonartha a áirithiú, agus Airteagal 28 á chomhlíonadh acu.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 38 den Treoir sin, dar teideal 'Roghnú agus measúnú cáilíochtúil na n-iarrthóirí':

'(1) Fíoróidh na húdaráis chonarthacha agus na heintitis chonarthacha na coinníollacha rannpháirtíochta ó thaobh inniúlacht ghairmiúil agus theicniúil agus inniúlacht eacnamaíochta agus airgeadais na n-iarrthóirí agus na dtairgeoirí ar bhonn dearbhuithe ar onóir, agus an tagairt nó na tagairtí atá le cur i láthair mar fhianaise i gcomhréir leis na ceanglais arna sonrú san fhógra ar lamháltas atá neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach le cuspóir an lamháltais. Beidh na coinníollacha rannpháirtíochta bainteach agus comhréireach leis an ngá le háirithiú go bhfuil sé de chumas ag an lamháltóir an lamháltas a fheidhmiú, i bhfianaise chuspóir an lamháltais agus an chuspóra maidir le hiomaíocht éifeachtach a áirithiú.

[...]

(7) D'fhéadfadh na húdaráis chonarthacha nó na heintitis chonarthacha, nó d'fhéadfadh na Ballstáit a cheangal orthu, oibreoir eacnamaíoch a eisiamh ó pháirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana lamháltais má chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

[...]

(c) i gcás inar féidir le húdarás conarthach a léiriú ar dhóigh iomchuí ar bith go ndearna an t-oibreoir eacnamaíochta mí-iompar gairmiúil tromchúiseach lena dtugtar a ionracas faoi cheist;

[...]

(f) i gcás inar aithníodh easnaimh shuntasacha nó leanúnacha ar thaobh an oibreora eacnamaíoch i bhfeidhmiú bunoibleagáide atá air i gcomhthéacs lamháltas nó conradh arna thabhairt i gcrích roimhe sin le húdarás conarthach nó le heintiteas conarthach de réir bhrí na Treorach seo nó Threoir 2014/25/AE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO 2014 L 94, lch. 243)], agus gur cuireadh deireadh leis an lamháltas sin nó an conradh sin nó damáistí nó pionóis inchomparáide eile mar gheall air;

[...]

(9) Féadfaidh aon oibreoir eacnamaíoch atá i gceann de na cásanna dá dtagraítear i míreanna 4 agus 7 fianaise a sholáthar lena léirítear gur leor na bearta arna nglacadh aige chun a iontaofacht a léiriú d'ainneoin foras eisiata ábhartha a bheith ann. I gcás ina meastar gur leor an fhianaise sin, ní eiseofar an t-oibreoir eacnamaíochta ó na himeachtaí.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Tá Airteagal 43 de Threoir 2014/23, dar teideal ‘Modhnú ar chonarthaí reatha’, sna focail seo a leanas:

‘(1) Is inmhodhnaithe lamháltais gan nós imeachta dámhachtana nua i gcomhréir leis an Treoir seo i gceann de na cásanna seo a leanas:

[...]

(c) I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
   (i) tá modhnú riachtanach trí imthosca is dothuartha le húdarás conarthach dícheallach nó eintiteas conarthach dícheallach;
   (ii) ní athraítear cineál iomlán an lamháltais leis an modhnú;
   (iii) i ndáil leis na lamháltais arna ndámhachtain ag an údarás conarthach ar mhaithe le gníomhaíocht a dhéanamh seachas na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, ní féidir gur mó aon mhéadú ar an tsuim ná 50 % de mhéid an lamháltais tosaigh. I gcás ina ndéantar roinnt modhnuithe i ndiaidh a chéile, beidh feidhm ag an teorainn sin maidir le suim gach modhnaithe. Ní fheictear trí na modhnuithe sin faoi seach le dul timpeall ar fhorálacha na Treorach seo.

(d) i gcás ina dtagann lamháltóir nua in ionad an lamháltóra dar dhámh an t-údaras conarthach nó an t-eintiteas conarthach an lamháltas ar dtús:
   (i) de réir clásal athbhreithnithe nó rogha gan débhrí i gcomhréir le pointe (a); nó
   (ii) sna sála ar theacht duine i gcomharbas go hiomlán nó go páirteach ar an lamháltóir tosaigh, i ndiaidh oibríochtaí maidir leis an gcuideachta a athstruchtúrú, go háirithe ceannach, cumasc, fáil, dócmhainneacht oibreora eacnamaíoch eile lena gcomhlíontar na critéir roghnúcháin cháilíochtúla arna mbunú ar dtús, ar choinníoll nach bhfuil mór-mhodhnuithe eile ar an gconradh i gceist leis sin agus nach bhféachtar leis feidhm na Treorach seo a sheachaint; nó
   (iii) i gcás ina nglacann an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach air féin oibleagáidí an phríomhlamháltóra i leith a fhochonraitheoirí i gcás ina bhforáiltear gur féidir a leithéid leis an reachtaíocht náisiúnta;

(e) i gcás nach modhnuithe móra iad na modhnuithe de réir mhír 4, gan beann ar an tsuim ag baint leo.

Déanfaidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha, a mhodhnaigh lamháltas sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) den Airteagal seo, fógra a fhoilsiú chuige sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh an fhaisnéis dá fhoráiltear in Iarscríbhinn XI san fhógra sin agus foilseofar é i gcomhréir le hAirteagal 33.

(2) Thairis sin, agus gan aon ghá le fíorú an bhfuil na coinníollacha arna leagan amach i bpointí (a) go (d) de mhír 4 á gcomhlíonadh, féadfar lamháltais a mhodhnú freisin gan gá a bheith ann le nós imeachta dámhachtana lamháltais i gcomhréir leis an Treoir seo i gcás inar lú suim an mhodhnaithe faoi ná an dá mhéid seo a leanas:

(i) an tairseach arna socrú in Airteagal 8; agus

(ii) 10 % de shuim an lamháltais tosaigh.

Ní féidir cineál foriomlán an lamháltais a athrú leis an modhnú, áfach. I gcás ina ndéantar roinnt modhnuithe i ndiaidh a chéile, is é an tsuim atá i gceist ná méid carnach na modhnuithe i ndiaidh a chéile.

[...]

(4) Measfar gur modhnú mór ar lamháltas reatha de réir bhrí mhír (1)(e) atá ann i gcás ina bhfágtar leis go bhfuil difear mór idir tréithe an lamháltais agus na tréithe a beartaíodh dó ar dtús. In aon chás, gan dochar do mhíreanna 1 agus 2, measfar gur modhnú mór atá i gceist i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tugtar isteach leis an modhnú coinníollacha lena gceadófaí d'iarrthóirí seachas na hiarrthóirí arna gceadú ar dtús páirt a ghlacadh nó glacadh tairisceana seachas an tairiscint a glacadh ar dtús nó lena meallfaí rannpháirtithe breise sa nós imeachta dámhachtana i gcás ina mbeadh siad sa nós imeachta dámhachtana lamháltais tosaigh;

(b) modhnaítear leis cothromaíocht eacnamaíochta an lamháltais i bhfabhar an lamháltóra ar bhealach nár foráladh dó sa lamháltas tosaigh;

(c) cuirtear go mór le raon feidhme an lamháltais;

(d) i gcás ina dtagann lamháltóir nua in ionad an lamháltóra dar dhámh an t-údaras conarthach nó an t-eintiteas conarthach an lamháltas i gcásanna seachas na cásanna dá bhforáiltear i bpointe 1(d).

(5) Beidh gá le nós imeachta dámhachtana lamháltais nua i gcomhréir leis an Treoir seo le haghaidh modhnuithe eile ar fhorálacha lamháltais reatha seachas na modhnuithe sin dá bhforáiltear faoi mhíreanna 1 agus 2.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 44 den Treoir sin, dar teideal 'Deireadh a chur le lamháltas':

'Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le húdaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha, faoi na coinníollacha a chinntear leis an dlí náisiúnta is infheidhme, deireadh a chur le lamháltas reatha i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) bhí modhnú ar an lamháltas, lenar éilíodh nós imeachta dámhachtana lamháltais nua i gcomhréir le hAirteagal 43;

(b) bhí an lamháltóir, agus an lamháltas á dhámhachtain, i gceann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 38(4) agus ba cheart, dá bhrí sin, é a eisiamh ón nós imeachta dámhachtana lamháltais;

(c) cinneann an Chúirt [...] in imeachtaí faoi Airteagal 258 [CFAE], gur mhainnigh Ballstát i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí atá air faoi na Conarthaí toisc go ndearna údarás conarthach nó eintiteas conarthach ar leis an mBallstát sin é an lamháltas atá i gceist a dhámhachtain gan na hoibleagáidí atá air faoi na Conarthaí agus faoin Treoir seo a chomhlíonadh.'

8 De réir an dara fomhír d'Airteagal 54 de Threoir 2014/23, níl feidhm ag an méid roimhe seo maidir le dámhachtain lamháltas ar bhain tairiscint leo nó a dámhadh roimh an 17 Aibreán 2014.

9 Seo a leanas foclaíocht Iarscríbhinn XI den Treoir sin, dar teideal 'Faisnéis nach mór a bheith sna fógraí ar mhodhnú ar lamháltas reatha i gcomhréir le hAirteagal 43:

'[...]

(4) Cur síos ar an lamháltas roimh an modhnú agus ina dhiaidh: cineál agus raon feidhme na n-oibreacha, cineál agus raon feidhme na seirbhísí.

(5) I gcás inarb infheidhme, an modhnú ar luach an lamháltais, lena n-áirítear méadú ar phraghsanna nó ar tháillí mar gheall ar an modhnú.

(6) Cur síos ar na himthosca ar dá réir ba ghá an modhnú.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hIodáile

10 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 43 de decreto-legge n. 201 – Disposizioni urgenti per la crescita, l'equità e il consolidamento dei conti pubblici (Dlí-Foraithne Uimh. 201 – Forálacha Práinneacha maidir le Méadú, Cothromas agus Comhdhlúthú Cuntais Phoiblí, an Iodáil), an 6 Nollaig 2011 (gnáth-fhorlíonadh Uimh. 251 ar GURI Uimh. 284 an 6 Nollaig 2011), a rinneadh dlí de, le leasuithe, le legge n. 214 (Dlí Uimh. 241) an 22 Nollaig 2011, arna leasú le hAirteagal 16 de decreto-legge n. 109 (Foraithne-Dlí Uimh. 109 an 28 Meán Fómhair 2018, a rinneadh dlí de le legge n. 130 (Dlí Uimh. 130) an 16 Samhain 2018:

'(1) Seolfaidh an [Ministero delle Infrastrutture e dei Trasporti (an Aireacht Bhonneagair agus Iompair, an Iodáil)] bearta lena dtugtar comhaontuithe mótarbhealaigh atá ar siúl ar dháta theacht i bhfeidhm na Foraithne seo cothrom le dáta, nó lena ndéantar athbhreithniú orthu, i gcás ina ndéanann siad athruithe nó modhnuithe ar an bplean infheistíochta nó ar ghnéithe rialála lena bhféachtar le hairgeadas poiblí a chosaint, i ndiaidh éisteacht leis an Údarás um Rialú Iompair i ndáil leis na hinniúlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 37(2)(g), ó thaobh córais taraifí a aithint, chuig CIPE [Comitato interministeriale per la programmazione economica e lo sviluppo sostenibile (an Coiste Idir-Aireachta um Pleanáil Eacnamaíochta agus Forbairt Inbhuanaithe, an Iodáil)] a thabharfaidh rialú laistigh de 30 lá, i ndiaidh dul i gcomhairle leis an [Nucleo di consulenza per l'attuazione delle linee guida per la regolazione dei servizi di pubblica utilità (an Bord Comhairleach um na Treorlínte maidir le Rialú Seribhísí Fóntas Phoiblí a Thabhairt Cothrom le Dáta, an Iodáil)] agus, ansin, déanfar iad a fhormheas le Foraithne ón Aire Bonneagair agus Iompair, arna ghlacadh le comhaontú an Aire Eacnamaíochta agus Airgeadais, a bheidh le foilsiú laistigh de 30 lá ó sheoladh an comhaontaithe ag an údarás lamhála.

(2) Ceadófar bearta nuashonruithe nó athbhreithnithe nach bhfuil athruithe nó modhnuithe dá dtagraítear i mír 1 i gceist leo atá ar siúl ar dháta theacht i bhfeidhm na Foraithne seo trí Fhoraithne ón Aire Bonneagair agus Iompair, arna glacadh le comhaontú an Aire Eacnamaíochta agus Airgeadais, laistigh de 30 lá ó sheoladh an chomhaontaithe ag an údarás lámhála.

2a. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, tar éis dó éisteacht leis an Údarás Rialála Iompair, déanfaidh an lamháltóir athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na gcritéar chun taraifí a bhunú, agus aird á tabhairt freisin ar an dul chun cinn iarbhír a rinneadh maidir leis na hinfheistíochtaí arna áireamh cheana sna taraifí.

(3) Déanfar bearta lena dtugtar comhaontuithe mótarbhealaigh cothrom le dáta nó lena ndéanfar athbhreithniú orthu a fhormheas, ar taisceadh dréachtdhoiciméad sa bhreis leo do CIPE ar mhaithe lena thuairim a fháil cheana féin ar dháta theacht i bhfeidhm na Foraithne seo, a fhormheas le Foraithne ón Aire Bonneagair agus Iompair, arna glacadh le comhaontú an Aire Eacnamaíochta agus Airgeadais, atá le glacadh laistigh de 30 lá ó sheoladh an chomhaontaithe ag an údarás lamhála.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

11 An 12 Deireadh Fómhair 2007, thug ASPI agus an Azienda Nazionale Autonoma delle Strade (Comhlacht Poiblí Bóithre, an Iodáil) i gcrích 'an comhaontú aonair lamháltais maidir le roinnt stráicí mótarbhealaigh', ar stráicí is faide ná 2 800 ciliméadar iad. De réir Airteagal 4 den chomhaontú, tiocfaidh deireadh leis an lamháltas an 31 Nollaig 2038. An 1 Deireadh Fómhair 2012, tháinig an Aireacht Bhonneagair agus Soghluaiseachta Inbhuanaithe i gcomharbas ar an gComhlacht Poiblí Bóithre Neamhspleách mar údarás conarthach.

12 An 14 Lúnasa 2018, thit Droichead Morandi in Genova agus fuair 43 bás. Ba chuid an droichead sin de Tharbhealach Polcevera ar mhótarbhealach A10, a bhfuil a fheidhmiú lámháilte do ASPI. An 16 Lúnasa 2018, thionscain an Ministero delle Infrastrutture e dei Trasporti (an Aireacht Bonneagair agus Iompair, an Iodáil) imeachtaí i gcoinne ASPI maidir le mainneachtain thromchúiseach in oibleagáidí cothabhála agus caomhnú an ghréasáin mótarbhealaí.

13 Ón 10 Iúil 2019, bhí roinnt cruinnithe idir ASPI, uachtaránacht Chomhairle na nAirí, an Aireacht Eacnamaíochta agus Airgeadais agus an Aireacht Bhonneagair agus Soghluaiseachta Inbhuanaithe, d'fhonn teacht ar réiteach idirbheartaithe ar na díospóidí atá ar feitheamh maidir le titim Dhroichead Morandi.

14 An 11 Iúil 2020, thíolaic ASPI togra maidir le réiteach idirbheartaithe ar dá réir a ghabh sé air féin, ar an gcéad dul síos, idirghabháil airgeadais cúitimh EUR 3 400 milliún a íoc, ar an dara dul síos, cur leis na rialacha maidir le sábháilteacht an ghréasáin mótarbhealaí arna lamháil agus, ar an tríú dul síos, in éineacht Mundys SpA, Atlantia SpA roimhe seo, arb é a mháthairchuideachta, smacht ASPI a lamháil don Cassa Depositi e Prestiti SpA agus d'infheisteoirí a mheasann an Cassa Depositi e Prestiti SpA gurb inglactha iad.

15 An 14 Deireadh Fómhair 2021, ar bhonn an togra sin, thug ASPI agus an Aireacht Bhonneagair agus Soghluaiseachta Inbhuanaithe comhaontú maidir le réiteach cairdiúil ('an comhaontú maidir le réiteach cairdiúil') i gcrích. I gcomhréir leis an nós imeachta arna bhunú le hAirteagal 43 de Dhlí Foraithne Uimh. 201 dá dtagraítear i mír 10 den bhreithiúnas seo, ceadaíodh an conradh sin le Cinneadh Uimh. 75 an 22 Nollaig 2021 ó CIPE agus le Foraithne Uimh. 37 an 22 Feabhra 2022 ón Aire Bonneagair agus Soghluaisteachta Inbhuanaithe, arna ghlacadh le comhaontú an Aire Eacnamaíocha agus Airgeadais.

16 Cuireadh clabhsúr leis an gcomhaontú maidir le réiteach cairdiúil ar na himeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne ASPI maidir le mainneachtain thromchúiseach in oibleagáidí cothabhála agus caomhnú an ghréasáin mótarbhealaí gan cinneadh go foirmiúil ann gur mhainnigh sé.

17 Thug Adusbef caingean os comhair Tribunale amministrativo regionale per il Lazio (Cúirt Riaracháin Réigiúnach Lazio, an Iodáil), arb é an chúirt a rinne an tarchur, le haghaidh neamhniú an dá ghníomh dá dtagraítear i mír 15 den bhreithiúnas seo, lenar formheasadh an comhaontú maidir le réiteach cairdiúil, agus i gcoinne roinnt doiciméad i gceangal leis an gcomhaontú sin.

18 Ina hordú tarchuir, chuir an chúirt sin in iúl nach ndearna an t-údarás conarthach scrúdú foirmiúil ar chomhréireacht an mhodhnaithe a rinneadh leis an gcomhaontú maidir le réiteach cairdiúil ar an lamháltas mótarbhealaigh arna dheonú do ASPI, le forálacha Threoir 2014/23.

19 Ar an gcéad dul síos, níor fhíoraigh an t-údarás conarthach go foirmiúil ar comhlíonadh leis an modhnú arna dhéanamh ar an lamháltas sin na coinníollacha arna leagan síos i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 43(1) den Treoir sin. I ndáil leis sin, measann an chúirt a rinne an tarchur nárbh fhéidir a mheas gur imthoisc dhothuartha de réir bhrí na forála sin mainneachtain in oibleagáidí cothabhála atá ar an lamháltóir, lena bhféadfaí difear a dhéanamh don tsábháilteacht ar bhóithre.

20 Ar an dara dul síos, níor fhíoraigh an t-údarás conarthach ach an oiread an bhfuil 'cineál foriomlán an lamháltais', de réir bhrí phointe (c)(ii) den chéad fhomhír d'Airteagal 43(1) den Treoir sin, inathraithe leis an modhnú arna bheartú.

21 Ar an tríú dul síos, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, i gcomhréir leis an gcomhaontú maidir le réiteach cairdiúil, gur dhíol Mundys 88 % de chaipiteal ASPI le cuideachta sealbhaíochta arb é an Cassa Depositi e Prestiti Equity an scairshealbhóir tromlaigh agus 51 % aige agus a bhfuil 24.5 % díobh ag dhá chiste eachtrannacha, Macquarie agus Blackstone. Ní dhearna an t-údarás conarthach scrúdú foirmiúil, áfach, ar cé acu ar ghá nó nár ghá nós imeachta dámhachtana lamháltais nua a eagrú de réir an mhodhnaithe sin ar struchtúr scairshealbhóirí ASPI, go háirithe i bhfianaise phointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 43(1)(d) de Threoir 2014/23.

22 Ar an gceathrú dul síos, fiafraíonn an chúirt sin, i bhfianaise Airteagal 38(7)(f) agus Airteagal 38(9) de Threoir 2014/23, ar cheart measúnú foirmiúil a dhéanamh ar iontaofacht ASPI roimh an gcomhaontú maidir le réiteach cairdiúil, ar dá réir a leanadh leis an lamháltas mótarbhealaigh atá i gceist sna príomhimeachtaí, tar éis thitim Dhroichead Morandi. I ndáil leis sin, tugann an chúirt sin dá haire nár cuireadh atógáil Dhroichead Morandi de chúram ar ASPI, in ainneoin go raibh an lamháltas lena n-áirítear feidhmiú an droichid sin ag ASPI, ach ar ghnóthais tríú páirtí.

23 Ar an gcúigiú dul síos, i gcás inar cheart nós imeachta dámhachtana lamháltais a bheith eagraithe agus/nó gur cheart don údarás conarthach measúnú a dhéanamh ar iontaofacht an lamháltóra roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe maidir le réiteach cairdiúil, iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt rialú a thabhairt ar an léiriú ar Airteagal 44 de Threoir 2014/23, lena rialaítear deireadh a chur le lamháltas ag an údarás conarthach. Go háirithe, fiafraíonn an chúirt sin an gceanglaítear leis an bhforáil sin deireadh a chur le lamháltas reatha i gcás ina ndearnadh modhnú de shárú ar fhorálacha na Treorach sin.

24 Sna himthosca sin, chinn Tribunale amministrativo regionale per il Lazio (Cúirt Riaracháin Réigiúnach Lazio, an Iodáil) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘[I bhfianaise] Airteagail 38, 43 agus 44 de Threoir 2014/23:

(1) An bhfuil sé contrártha do dhlí [an Aontais] an reachtaíocht náisiúnta a léiriú sa chiall go bhféadfaidh an t-údarás dámhachtana nós imeachta a thionscnamh maidir le modhnú suibiachtúil agus oibiachtúil a dhéanamh ar lamháltas mótarbhealaigh [reatha] nó ar athchaibidliú an lamháltais sin, gan measúnú agus seasamh a chur in iúl maidir leis an oibleagáid nós imeachta um sholáthar poiblí a sheoladh?

(2) An bhfuil sé contrártha do dhlí [an Aontais] an reachtaíocht náisiúnta a léiriú sa chiall go bhféadfaidh an t-údarás dámhachtana nós imeachta a thionscnamh maidir le modhnú suibiachtúil agus oibiachtúil a dhéanamh ar lamháltas mótarbhealaigh [reatha] nó ar athchaibidliú an lamháltais sin, gan measúnú a dhéanamh ar iontaofacht lamháltóra a rinne mainneachtain thromchúiseach oibleagáidí a chomhlíonadh?

(3) I gcás ina sainaithnítear sárú ar phrionsabal maidir le soláthar poiblí agus/nó i gcás ina bhfuarthas amach go bhfuil sealbhóir lamháltais mótarbhealaigh neamhiontaofa, an bhforchuirtear oibleagáid le reachtaíocht [an Aontais] deireadh a chur leis an gcaidreamh?’

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

25 Agus tábhacht an cháis sna príomhimeachtaí go náisiúnta á hagairt aici, d’iarr an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt an nós imeachta brostaithe um réamhrialú dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte a chur i bhfeidhm.

26 Le cinneadh an 15 Nollaig 2022, dhiúltaigh Uachtarán na Cúirte, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, don iarratas sin.

27 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne gur ionstraim nós imeachta a bheartaítear í chun freagra a thabhairt ar chás práinne urghnách é an nós imeachta brostaithe um réamhrialú dá dtagraítear in Airteagal 105(1) de na Rialacha Nós Imeachta (breithiúnas an 28 Aibreán 2022, *Caruter*, C-642/20, EU:C:2022:308, mír 21 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 Sa chás seo, ní léir ón bhfaisnéis arna cur ar fáil ag an gcúirt a rinne an tarchur ina hiarraidh ar réamhrialú, go háirithe mar thaca lena hiarratas ar nós imeachta brostaithe, go n-éilítear le cineál an cháis seo, go heisceachtúil, go láimhseálfaí é laistigh de thréimhse ama ghearr de bhun Airteagal 105(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

29 Go háirithe, ní féidir an gá atá le láimhseáil laistigh de thréimhse ghearr ama, de bhun na forála sin, a thuiscint ó íogaireacht eacnamaíoch nó shóisialta an cháis sna príomhimeachtaí amháin (féach, chuige sin, breithiúnais an 10 Márta 2022, *Commissioners for Her Majesty’s Revenue and Customs (Lánárachas Sláinte)*, C-247/20, EU:C:2022:177, mír 45).

Inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú

30 D'áitigh Mundys, ASPI, Holding Reti Autostradali SpA, agus Rialtas na hIodáile go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú do-ghlactha ina hiomláine.

31 Ar an gcéad dul síos, d'áitigh Mundys nach bhfuil Treoir 2014/23 infheidhme *ratione temporis* maidir leis an lamháltas atá i gceist sna príomhimeachtaí, a dámhadh an 11 Deireadh Fómhair 2007, ós rud é, faoin dara mír d'Airteagal 54 den Treoir sin, nach bhfuil feidhm ag an Treoir sin maidir le dámhachtain lamháltas a tairgeadh nó a dámhadh roimh an 17 Aibreán 2014.

32 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, i gcás modhnú suntasach ar chonradh lamháltais, gurb í an reachtaíocht i bhfeidhm ar dháta an mhodhnaithe sin reachtaíocht an Aontais a bhfuil measúnú le déanamh ar an modhnú sin dá réir, in ainneoin dáta thabhairt i gcrích an chonartha lamháltais tosaigh a bheith roimh theacht i bhfeidhm fhorálacha dhlí an Aontais lena mbaineann (féach, go háirithe, breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2021, *Sisal agus páirtithe eile* (C-720/19 agus C-721/19, EU:C:2020:672, mír 28).

33 Sa chás seo, iarrtar ar an gcúirt a rinne an tarchur a chinneadh, *inter alia*, an gcaithfear na modhnuithe arna ndéanamh leis an gcomhaontú maidir le réiteach cairdiúil, a tugadh i gcrích an 14 Deireadh Fómhair 2021, is é sin le rá, tar éis theacht i bhfeidhm Threoir 2014/23, a mheas mar mhór-mhodhnuithe i ndáil leis an gconradh lamháltais tosaigh.

34 Tugtar le tuiscint uaidh sin, sna príomhimeachtaí, nach mór measúnú a dhéanamh i bhfianaise fhorálacha Threoir 2014/23 ar cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh mór-mhodhnuithe ar an gcomhaontú lamháltais thosaigh leis an gconradh maidir le réiteacht cairdiúil.

35 Ar an dara dul síos, d'áitigh Mundys, ASPI, Holding Reti Autosradali agus Rialtas na hIodáile, go bunúsach, nach mór a dhearbhú gur do-ghlactha an iarraidh ar réamhrialú toisc gur ceisteanna hipitéiseacha iad na ceisteanna arna gcur agus toisc nach dtugtar soiléiriú leordhóthanach ar chomhthéacs fíorasach na bpríomhimeachtaí ná ar na forálacha náisiúnta is infheidhme.

36 I ndáil leis sin, í mór a mheabhrú, de réir cásdlí socair, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, gur don chúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid os a comhair agus nach mór freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, an gá atá le réamhrialú ionas go mbeidh sí in ann a breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte araon a chinneadh. Dá bhrí sin, nuair a bhaineann na ceisteanna a cuireadh isteach le léiriú dhlí an Aontais, tá an Chúirt faoi cheangal, i bprionsabal, rialú a thabhairt (breithiúnas an 21 Márta 2023, *Mercedes-Benz Group (Dliteanas tairgeoirí feithiclí arna bhfeistiú le feistí sáraithe)*, C-100/21, EU:C:2023:229, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais Eorpaigh. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnas diúltú do rialú a thabhairt ar iarraidh arna déanamh ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais Eorpaigh le fíricí iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 21 Márta 2023, *Mercedes-Benz Group (Dliteanas tairgeoirí feithiclí arna bhfeistiú le feistí sáraithe)*, C-100/21, EU:C:2023:229, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Maidir leis sin, tá béim leagtha ag an gCúirt arís agus arís eile gur ionstraim le haghaidh comhar idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta é an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, trína gcuireann an Chúirt Bhreithiúnais na heilimintí léirithe de dhlí an Aontais ar fáil do na cúirteanna náisiúnta atá de dhíth orthu chun na díospóidí atá os a gcomhair a réiteach agus nach luíonn an bonn cirt le tarchur chun réamhrialú a dhéanamh i bhfoirmiú tuairimí comhairleacha ar cheisteanna ginearálta nó hipitéiseach, ach ón mbunriachtanas chun teacht ar réiteach éifeachtúil ar dhíospóid (breithiúnas an 9 Eanáir 2024, *G. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh chuig gnáthchúirteanna na Polainne)* (C-181/21 agus C-269/21, EU:C:2024:1, mír 62 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 Mar is léir ó fhoclaíocht Airteagal 267 CFAE, ní mór don tarchur chun réamhrialú a bheith ‘riachtanach’ chun a chumasú don chúirt náisiúnta ‘breithiúnas a thabhairt’ sa chás os a comhair (breithiúnas an 9 Eanáir 2024, *G. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh chuig gnáthchúirteanna na Polainne)* (C-181/21 agus C-269/21, EU:C:2024:1, mír 63 agus an cásdlí dá dtagraítear).

40 Sa chás seo, ní bhaineann an chéad cheist agus an dara ceist arna gcur ag an gcúirt a rinne an tarchur leis na cásanna arna liostú i mír 37 den bhreithiúnas seo, inarb infhrisnéise toimhde ábharthachta atá ag ceist le haghaidh réamhrialú. Go deimhin, agus caingean le haghaidh neamhniú i gcoinne comhaontú maidir le réiteach cairdiúil os comhair na cúirte a rinne an tarchur, tá ceangal díreach le cuspóir na bpríomhimeachtaí ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais ó thaobh na gceisteanna sin, lena bhféachtar lena fháil amach an gcomhlíontar forálacha Threoir 2014/23 leis an modhnú ar an lamháltas mótarbhealaigh arna dheonú do ASPI i ndiaidh thitim Dhroichead Morandi.

41 Ní hamhlaidh an cás, os a choinne sin, don tríú ceist arna cur ag an gcúirt a rinne an tarchur, mar a chuir an tAbhcóide Ginearálta in iúl i míreanna 89 agus 90 dá Thuairim.

42 Tríd an gceist sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an mbunaítear oibleagáid deireadh a chur le lamháltas reatha i gcás ina ndearnadh modhnú air de shárú ar an oibleagáid nós imeachta dámhachtana nua a eagrú nó ar an oibleagáid fhéideartha scrúdú a dhéanamh ar iontaofacht an lamháltóra.

43 De réir Airteagal 44 den Treoir sin, ní mór do Bhallstáit a áirithiú gur féidir le húdaráis chonarthacha deireadh a chur le lamháltas reatha i gcás ina ndearnadh modhnú ar lamháltas gan nós imeachta dámhachtana nua a eagrú de shárú ar Airteagal 43(5) den Treoir sin, nó fiú i gcás inar cheart an lamháltóir a eisiamh ón nós imeachta dámhachtana lamháltais de réir Airteagal 38(4) den Treoir sin.

44 Sa chás seo, is léir ón iarraidh ar réamhrialú agus ó na barúlacha arna dtíolacadh ag an gCúirt gurbh é a thug caingean le haghaidh neamhniú os comhair na cúirte a rinne an tarchur ná Abusbef, ar comhlachas tomhaltóirí é, i gcoinne na ngníomhartha lenar formheasadh an comhaontú maidir le réiteach cairdiúil agus i gcoinne roinnt gníomhartha atá i gceangal leis an gcomhaontú sin.

45 Mar sin, níl aon rud sa cháschomhad atá ag an gCúirt lena léirítear gur iarradh ar an gcúirt a rinne an tarchur scrúdú a dhéanamh ar dheireadh féideartha a chur ag an údarás conarthach leis an lamháltas mótarbhealaigh a bhí ag ASPI, de réir Airteagal 44 de Threoir 2014/23.

46 Thairis sin, tugann an Chúirt dá haire, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil aon tagairt san ordú tarchuir do Threoir 89/665/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le comhordú na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithnithe ar dhámhachtain conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí (IO 1989 L 395, lch. 33), arna leasú le Treoir 2007/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2007 (IO 2007 L 335, lch. 31) agus, ar an dara dul síos, nach bhféadfaí forálacha na Treorach sin a aithint go sách beacht, i gcás inarb iomchuí, go bhfuil léiriú orthu ábhartha chun freagra a thabhairt ar an tríú ceist trí na mínithe arna soláthar ag an gcúirt a rinne an tarchur.

47 Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an gcásdlí socair dá dtagraítear i míreanna 38 agus 39 den bhreithiúnas seo, ní mór a dhearbhú go bhfuil an tríú ceist do-ghlactha.

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

48 Leis an gcéad cheist dá cuid, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, i gcás ina bhfuil léiriú le déanamh ar Threoir 2014/23 sa chaoi go gcuirtear cosc léi ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir is féidir leis an údarás conarthach modhnú suibiachtúil agus oibiachtúil a dhéanamh ar lamháltas reatha, gan nós imeachta dámhachtana lamháltais a eagrú agus gan na cúiseanna a bheith leagtha amach a bhí aige le meas nach raibh a leithéid de nós imeachta le heagrú aige.

49 Ní mór a thabhairt faoi deara gur le hAirteagal 43 de Threoir 2014/23 a rialaítear an modhnú ar na conarthaí lamháltais reatha.

50 Dá bhrí sin, is i bhfianaise fhorálacha an Airteagail sin nach mór freagra a thabhairt ar an gcéad cheist.

51 Bhí sé de dheis cheana féin ag an gCúirt a shoiléiriú gur comhchuibhíodh go huileghabhálach leis an Airteagal sin na cásanna, ar thaobh amháin, inarb inmhodhnaithe lamháltais gan gá chuige sin, áfach, a bheith le nós imeachta dámhachtana lamháltais nua a eagrú i gcomhréir leis na rialacha arna mbunú leis an Treoir sin agus, ar an taobh eile, inar gá a leithéid de nós imeachta dámhachtana i gcás mhodhnú na gcoinníollacha lamháltais (breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *Sisal agus páirtithe eile*, C-721/19 agus C-722/19, EU:C:2021:672, mír 31).

52 De réir Airteagal 43(5) de Threoir 2014/243, ceanglaítear, i bprionsabal, le gach modhnú ar fhorálacha lamháltais nós imeachta dámhachtana nua a eagrú, cé is moite de na modhnuithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal sin.

53 Fágann an méid roimhe seo go liostaítear go huileghabhálach le Airteagal 43(1) agus (2) na cásanna inarb inmhodhnaithe lamháltas reatha gan nós imeachta dámhachtana nua a eagrú.

54 Sa chás seo, tá comhthuiscint ann, tar éis thitim Dhroichead Morandi an 14 Lúnasa 2018, gur modhnaíodh, an 14 Deireadh Fómhair 2021, an lamháltas mótarbhealaigh arna dheonú do ASPI leis an gcomhaontú maidir le réiteach cairdiúil gan nós imeachta dámhachtana lamháltais nua a eagrú.

55 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, ó thaobh an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 267 CFAE, atá bunaithe ar scaradh soiléir feidhmeanna idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt, gurb í an chúirt náisiúnta amháin atá inniúil ar rialú a thabhairt, agus measúnú a dhéanamh, ar fhíorais na bpríomhimeachtaí agus léiriú a dhéanamh ar an dlí náisiúnta agus é a chur i bhfeidhm (breithiúnas an 24 Iúil, *Lin*, C-107/23 PPU, EU:C:2023:606, mír 76).

56 Dá bhrí sin, ní faoin gCúirt, ach faoin gcúirt náisiúnta amháin atá sé measúnú a dhéanamh, i bhfianaise na n-imthosca ábhartha go léir, an dtagann gach ceann de na modhnuithe arna ndéanamh ar an gcomhaontú maidir le réiteach cairdiúil ó thaobh an lamháltais mótarbhealaigh atá ag ASPI faoi na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 43(1) agus (2) de Threoir 2014/23. I gcás inarb iomchuí, bheadh sé de thoradh air sin gur féidir na modhnuithe sin a dhéanamh gan nós imeachta dámhachtana lamháltais nua a eagrú.

57 Os a choinne sin, i gcás nach dtiocfadh ceann amháin nó níos mó de na modhnuithe faoi aon chás arna bheartú in Airteagal 43(1) agus (2) den Treoir sin, níor mhór a thuiscint uaidh sin go ndearnadh an modhnú nó na modhnuithe lena mbaineann de shárú ar an oibleagáid, arna bunú in Airteagal 43(5) den Treoir sin, nós imeachta dámhachtana lamháltais nua a eagrú.

58 Sa chás seo, luaigh an chúirt a rinne an tarchur agus na páirtithe a bhfuil barúlacha taiscthe acu gur féidir leis na modhnuithe arna ndéanamh leis an gcomhaontú maidir le réiteach cairdiúil teacht faoi phointí (c) go (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 43(1) de Threoir 2014/23. I ndáil leis sin, is tábhachtach treoir maidir le léiriú ar dhlí an Aontais a chur ar fáil don chúirt a rinne an tarchur atá ábhartha chun an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach.

59 Ar an gcéad dul síos, de réir phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 43(1) den Treoir sin, d'fhéadfaí lamháltas reatha a mhodhnú gan nós imeachta nua lamháltais ar an gcoinníoll, go háirithe, go bhfuil an modhnú riachtanach mar gheall ar imthosca nárbh fhéidir le húdarás conarthach dícheallach a thuar agus nach n-athraítear leo cineál foriomlán an lamháltais.

60 Tá an chúirt a rinne an tarchur in amhras faoi infheidhmeacht na forála sin in imthosca ina bhfuil an modhnú arna dhéanamh don lamháltas reatha riachtanach mar gheall ar mhainneachtain chonarthach an lamháltóra, rud arbh ionann é, sa cás seo, agus mainneachtain thromchúiseach i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí cothabhála agus caomhnú an ghréasáin mótarbhealaí a bhfuil a fheidhmiú lámháilte do ASPI.

61 Is faoin gcúirt a rinne an tarchur amháin measúnú a dhéanamh ar mhainneachtain chonarthach ar thaobh an lamháltóra in imthosca na bpríomhimeachtaí agus, i gcás inarb iomchuí, caidreamh cúisíoch a bheith nó gan bheith ann idir an mhainneachtain sin agus an modhnú arna dhéanamh ar an lamháltas reatha.

62 Bíodh sin mar atá, ar thaobh amháin, is léir ó aithris 75 de Threoir 2014/23 gurb iondúil go mbíonn sásraí teicniúla agus airgeadais casta fadtéarmacha i gceist le conarthaí lamháltais a bhíonn faoi réir comhthéacs athraitheach go minic, rud a fhágann gur mheas reachtóir an Aontais gur gá soiléiriú a thabhairt ar na coinníollacha faoina gceanglaítear nós imeachta dámhachtana lamháltais nua a eagrú i gcás modhnuithe arna ndéanamh ar lamháltas atá á fheidhmiú, i bhfianaise chásdlí na Cúirte chuige sin.

63 Ar an taobh eile, fágann aithris 76 de Threoir 2014/23 go bhfuil sé de chuspóir ag pointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 43(1) den Treoir sin solúbthacht áirithe a thabhairt do na húdaráis chonarthacha agus na heintitis chonarthacha ionas gur féidir leo an lamháltas a chur in oiriúint d'imthosca seachtracha nach féidir leo a thuar agus tráth a ndéantar an lamháltas a dhámhachtain.

64 Ní féidir sárú conartha ar thaobh an lamháltóra, ann féin, a mheas mar imthoisc nach bhféadfadh údarás conarthach dícheallach a thuar, de réir bhrí pointe (c) den chéad fhomhír Airteagal 43(1) de Threoir 2014/23. Mar sin, i bhfianaise chríoch na forála sin, mar is léir ó aithris 76 den Treoir sin, ní féidir gur údar le lamháltas reatha a mhodhnú gan deis a thabhairt d'iomaitheoirí í mainneachtain an lamháltóra ina oibleagáidí conarthacha.

65 Ansin, ó thaobh phointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 43(1) de Threoir 2014/23, leagtar síos leis an bhforáil sin na coinníollacha inar féidir le lamháltóir nua teacht in ionad an lamháltóra tosaigh gan gá a bheith le nós imeachta dámhachtana nua a eagrú.

66 Tá an chúirt a rinne an tarchur in amhras infheidhmeacht na forála sin in imthosca na bpríomhimeachtaí, ó tharla gur modhnaíodh comhdhéanamh scairsheilbh an lamháltóra, eadhon ASPI, mar a dhéantar cur síos air i mír 21 den bhreithiúnas seo agus go ndearnadh buanathrú leis don smacht ar ASPI, tríd an gcomhaontú maidir le réiteach cairdiúil.

67 I ndáil leis sin, ní cosúil gurbh fhéidir a mheas gur modhnú ar lamháltas, ann féin, de réir bhrí Airteagal 43(5) de Threoir 2014/23, é modhnú ar chomhdhéanamh scairsheilbh an lamhaltóra.

68 Le bheith cruinn faoi, ní chuirtear lamháltóir nua in ionad an lamháltóra tosaigh, ar cás é arna bheartú i bpointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 43(1) den Treoir sin, ach modhnaítear comhdhéanamh nó leithdháileadh scairchaipiteal an lamháltóra sin amháin, de thoradh ar aistriú scairchaipiteal an lamháltóra, bíodh sin chuig scairshealbhóirí nua nó scairshealbhóirí reatha.

69 A mhéid nach modhnaítear an lamháltas de réir bhrí Airteagal 43(5) de Threoir 2014/23 leis na modhnuithe ar scairchaipiteal an lamháltóra, ní cheanglaítear leo nós imeachta dámhachtana nua a eagrú.

70 Ar deireadh, is léir ó phointe (e) gcéad fhomhír d'Airteagal 43(1) de Threoir 2014/23, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 43(4) den Treoir sin, nár cheart modhnuithe nach 'mór-mhodhnuithe' iad a bheith faoi réir nós imeachta dámhachtana nua. Meastar gur modhnú 'mór' atá i gceist i gcás ina bhfágtar leis gurb éagsúil go mór tréithe an lamháltais ó na tréithe a bhí i gceist ar dtús. I ndáil leis sin, sonraítear le haithris 75 den Treoir sin go ndearbhaítear trí na modhnuithe sin an rún atá ag na páirtithe ath-idirbheartaíocht a dhéanamh ar choinníollacha bunúsacha an lamháltais sin.

71 I gcomhréir leis an gcásdlí socair dá dtagraítear i mír 55 den bhreithiúnas seo, is faoin gcúirt náisiúnta amháin atá sé a mheas an bhfuil na modhnuithe arna ndéanamh leis an gcomhaontú maidir le réiteach cairdiúil, a bhfuil achoimre déanta ar a raon feidhme i mír 15 den bhreithiúnas seo, 'mór' de réir bhrí na bhforálacha thuasluaite.

72 I ndáil leis sin, ní mór a shonrú nach mbaineann an toimhde arna bunú in Airteagal 43(4)(b) den Treoir sin, ar dá réir nach mór a mheas gur modhnuithe móra iad modhnuithe lena n-athraítear cothromaíocht eacnamaíochta an lamháltais i bhfabhar an lamháltóra ar bhealach nár foráladh dó sa lamháltas tosaigh, le hoibleagáidí arna bhforchur ar an lamháltóir, amhail cúiteamh airgeadais a íoc nó cur leis na rialacha maidir le sábháilteacht an ghréasáin bóithre arna lamháil.

73 Is léir ó na mínithe arna soláthar ag an gcúirt a rinne an tarchur go bhfuil an chúirt sin in amhras faoi na ceanglais fhoirmiúla chomh maith nach mór don údarás conarthach a chomhlíonadh i gcás modhnuithe arna ndéanamh ar lamháltas reatha, dála na modhnuithe dá bhforáiltear sa chomhaontú maidir le réiteach cairdiúil lena mbaineann na príomhimeachtaí. I ndáil leis sin, is gá idirdhealú a dhéanamh idir dhá chás de réir gá a bheith nó gan bheith leis na leasuithe atá i gceist a bheith faoi réir nós imeachta dámhachtana nua de réir Airteagal 43 de Threoir 2014/23, rud atá le cinneadh ag an gcúirt sin.

74 I gcás nach dtagann an modhnú arna bheartú faoi cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 43(1) agus (2) den Treoir sin, sa chaoi nach mór an modhnú sin a bheith faoi réir nós imeachta dámhachtana nua, ní mór na ceanglais fhoirmiúla go léir arna leagan amach i dTeideal II den Treoir sin a chomhlíonadh, go háirithe fógra faoi lamháltas a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 31 den Treoir sin.

75 Ina mhalairt de chás, is é sin le rá i gcás nach gceanglaítear nós imeachta dámhachtana nua a eagrú mar gheall ar lamháltas reatha a mhodhnú, ní bheidh na ceanglais fhoirmiúla arna mbunú i dTeideal II den Treoir sin infheidhme.

76 Sa chás sin, foráiltear leis an dara fomhír d'Airteagal 43(1) de Threoir 2014/23, i gcásanna áirithe, áfach, d'fhoilsiú fógra ar mhodhnú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le hAirteagal 33 den Treoir sin, ar fógra é nach mór an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI den Treoir sin a bheith ann.

77 I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 43(1) de Threoir 2014/23, ní bhaineann an oibleagáid sin fógra ar mhodhnú a fhoilsiú le gach modhnú is féidir a dhéanamh gan nós imeachta dámhachtana nua a eagrú, ach leis na modhnuithe dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 43(1) den Treoir sin.

78 Thairis sin, ní mór an fógra leasaithe sin a fhoilsiú tar éis an modhnú atá beartaithe, agus ní roimh an modhnú sin. Go deimhin, baineann foclaíocht an dara fomhír d'Airteagal 43(1) den Treoir sin go díreach le húdaráis chonarthacha 'a mhodhnaigh' lamháltas reatha.

79 É sin soiléirithe, ní mór a thabhairt chun cuimhne chomh maith, i gcomhréir le cásdlí socair, nach mór don údarás conarthach déanamh de réir phrionsabal ginearálta dhlí an Aontais maidir le dea-riarachán, ar prionsabal é atá le comhlíonadh ag na Ballstáit agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu. I measc na gceanglas a eascraíonn ón bprionsabal sin, tá tábhacht ar leith ag baint leis an oibleagáid cúiseanna a lua le cinntí arna nglacadh ag na húdaráis náisiúnta, a mhéid a chuirtear iad siúd lena mbaineann na cinntí sin ar chumas a gcearta a chosaint agus gach eolas acu chun cinneadh a dhéanamh an gá caingean dlí a thabhairt ina gcoinne (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Nollaig 2023, *Infraestruturas de Portugal agus Futrifer Indústrias Ferroviárias*, C-66/22, EU:C:2023:1016, mír 87).

80 Tagann an oibleagáid sin cúiseanna lua, atá ar na húdaráis chonarthacha, faoina n-oibleagáid trédhearcacht na nósanna imeachta dámhachtana agus chomhlíonadh an chonartha a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Threoir 2014/23, chomh maith.

81 I gcomhthéacs fhorálacha Airteagal 43(1) agus (2) den Treoir sin, ní mór a chur ar chumas leis an oibleagáid sin cúiseanna a lua, go háirithe, daoine seachas an lamháltóir eolas a fháil ar na cúiseanna gur mheas an t-údarás conarthach gurbh inmhodhnaithe an lamháltas reatha gan nós imeachta dámhachtana nua a eagrú.

82 I gcleachtas, ní mór na cúiseanna gur mheas an údarás conarthach nach raibh nós imeachta dámhachtana lamháltais nua le heagrú aige de réir fhorálacha ábhartha Airteagal 43(1) agus (2) de Threoir 2014/23 agus/nó na mbeart náisiúnta lenar trasuíodh na forálacha sin a bheith inaitheanta, gan stró, tríd an ráitis sin, ag aon duine leasmhar.

83 Go deimhin, in éagmais a leithéide de ráiteas, ní fhéadfadh daoine a d'fhéadfadh leas a bheith acu in imeachtaí a thabhairt i gcoinne cinneadh den sórt sin, go háirithe iad siúd a d'fhéadfadh an cinneadh sin dochar a dhéanamh dóibh measúnú a dhéanamh ar cheart caingean a thabhairt i gcoinne an chinnidh sin.

84 In imthosca na bpríomhimeachtaí, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a chinneadh ar comhlíonadh an oibleagáid sin cúiseanna a lua leis na cinntí lena ndearnadh an modhnú ar an lamháltas mótarbhealaigh arna dheonú do ASPI.

85 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 43 de Threoir 2014/23, arna léamh i gcomhar le prionsabal ginearálta an dea-riaracháin, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhféadfaidh an t-údarás conarthach modhnú suibiachtúil agus oibiachtúil a dhéanamh ar lamháltas reatha, gan nós imeachta dámhachtana lamháltais nua a eagrú, ar choinníoll nach dtagann an modhnú sin faoi raon feidhme Airteagal 43(5) den Treoir sin agus gur leag an t-údarás conarthach amach na cúiseanna a bhí aige le meas sé nach raibh a leithéid de nós imeachta le heagrú aige.

An dara ceist

86 Leis an dara ceist dá cuid, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil léiriú le déanamh ar Threoir 2014/23 sa chaoi go gcuirtear cosc léi ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir a bhfuil modhnú indéanta ag údarás conarthach ar lamháltas reatha gan measúnú a bheith déanta aige ar iontaofacht an lamháltóra in imthosca i gcás ina ndearna an t-údarás sin, nó ina meastar go ndearna sé, sárú conarthach tromchúiseach.

87 Mar réamhphointe, maidir le dearbhuithe ASPI, Mundys agus Rialtas na hIodáile nár cinneadh go hoifigiúil sa chás seo go ndearna an lamháltóir sárú conarthach, is tábhachtach a thabhairt chun cuimhne gurb í an chúirt náisiúnta amháin atá inniúil ar rialú a thabhairt, agus measúnú a dhéanamh, ar fhíorais na bpríomhimeachtaí.

88 Baineann an dara ceist arna cur ag an gcúirt a rinne an tarchur go sainráite leis an measúnú ar iontaofacht 'lamháltóra a rinne mainneachtain thromchúiseach oibleagáidí a chomhlíonadh'. Dá bhrí sin, scrúdóidh an Chúirt an cheist sin agus bunaithe ar an mbuntuiscint fhíorasach sin.

89 I gcomhréir leis an méid arna shoiléiriú i mír 73 den bhreithiúnas seo, is gá idirdhealú a dhéanamh idir dhá chás de réir gá a bheith nó gan bheith leis na modhnuithe atá i gceist a chur faoi réir nós imeachta dámhachtana nua de réir Airteagal 43 de Threoir 2014/23, rud atá le cinneadh ag an gcúirt a rinne an tarchur.

90 Ar an gcéad dul síos, i gcás nach dtiocfadh an modhnú arna bheartú faoi aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 43(1) agus (2) de Threoir 2014/23, sa chaoi nach mór an modhnú sin a bheith faoi réir nós imeachta dámhachtana nua i gcomhréir le hAirteagal 43(5) den Treoir sin, ní mór na ceanglais go léir arna leagan síos i dTeideal II den Treoir sin a chomhlíonadh.

91 I measc na gceanglas sin atá, go háirithe, na ceanglais maidir leis an iarrthóir a roghnú agus measúnú cáilíochtúil a dhéanamh air, a liostaítear in Airteagal 38 de Threoir 2014/23.

92 De réir Airteagal 38(1) den Treoir sin, tá na coinníollacha rannpháirtíochta, a bhaineann go háirithe le hinniúlacht ghairmiúil agus theicniúil, le bheith bainteach agus comhréireach leis an ngá le háirithiú go bhfuil sé de chumas ag an lamháltóir an lamháltas a fheidhmiú, i bhfianaise chuspóir an lamháltais agus an chuspóir maidir le hiomaíocht éifeachtach a áirithiú.

93 Dála na chéad fomhíre d'Airteagal 57(4) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear 2004/18/CE (IO 2014 L 94, lch. 65), a bhfuil na forálacha di ag teacht go bunúsach le forálacha Airteagal 38(7) de Threoir 2014/23, féachtar go sonrach tríd an rogha, nó an oibleagáid fiú, ar an údarás conarthach na cúiseanna eisiata arna leagan amach san fhoráil sin lena chur ar a chumas measúnú a dhéanamh ar ionracas agus iontaofacht gach oibreora eacnamaíoch a ghlacann páirt sa nós imeachta dámhachtana lamháltais (féach, de réir analaí, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Infraestruturas de Portugal agus Futrifer Indústrias Ferroviárias*, Cás C-66/22, EU:C:2023:1016, mír 56).

94 Dá bhrí sin, bhí sé de rún ag reachtas an Aontais a áirithiú go mbeidh sé de dheis ag na húdaráis chonarthacha, i ngach Ballstát, oibreoirí eacnamaíocha a mheasann siad a bheith neamhiontaofa a eisiamh (féach, de réir analaí, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Infraestruturas de Portugal agus Futrifer Indústrias Ferroviárias*, C-66/22, EU:C:2023:1016, mír 57).

95 Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 38(7)(c) de Threoir 2014/23 go bhféadfaidhna húdaráis chonarthacha oibreoir eacnamaíoch a eisiamh nó gur féidir leis na Ballstáit a cheangal orthu oibreoir eacnamaíoch a eisiamh i gcás ina léirítear trí aon mhodh iomchuí go ndearna an t-oibreoir eacnamaíoch mí-iompar gairmiúil tromchúiseach lena dtugtar a ionracas faoi cheist. Bhí sé de dheis cheana féin ag an gCúirt a shoiléiriú go bhfuil léiriú leathan le déanamh ar an gcoincheap 'mí-iompar gairmiúil', ar coincheap é faoina dtagann aon iompar faillíoch lena ndéantar difear d'ionracas nó iontaofacht ghairmiúil an oibreora eacnamaíoch atá i gceist (féach, de réir analaí, breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2022, *J. Sch.Omnibusunternehmen agus K. Reisen*, C-416/21, EU:C:2022:689, mír 45).

96 Ina theannta sin, bíodh is go liostaítear go huileghabhálach in Airteagal 38(7) den Treoir sin na forais eisiata roghnacha lena bhféadfaí údar a thabhairt le hoibreoir eacnamaíoch a eisiamh ó pháirt a ghlacadh i nós imeachta chun lamháltas a dheonú ar chúiseanna atá bunaithe ar thosca oibiachtúla a bhaineann lena cháilíochtaí gairmiúla (féach, de réir analaí, breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2022, *J. Sch. Omnibusunternehmen agus K. Reisen*, C-416/21, EU:C:2022:689, mír 54), níl aon rud ann chun cosc a chur ar an údarás conarthach ceanglais atá thar a bheith ard a fhorchur maidir le cumas agus iontaofacht lamháltóirí (féach, de réir analaí, breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-601/21, EU:C:2023:629, mír 92).

97 Tugtar le tuiscint uaidh sin nach mór don údarás conarthach, sula modhnaítear lamháltas lena gceanglaítear nós imeachta dámhachtana nua a eagrú faoi Airteagal 43(5) den Treoir sin, scrúdú a dhéanamh ar iontaofacht na n-iarrthóirí i gcomhréir le forálacha Airteagal 38 den Treoir sin.

98 Ar an dara dul síos, i gcás nach bhfuil an modhnú le bheith faoi réir nós imeachta dámhachtana nua, ar an bhforas nach dtagann sé faoi aon cheann de na cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 43(1) agus (2) de Threoir 2014/23, ní mór a chinneadh gur i bpointe (d)(ii) den chéad fhomhír d'Airteagal 43(1) den Treoir sin atá an t-aon fhoráil lena mbunaítear an oibleagáid don údarás conarthach iontaofacht an lamháltóra a fhíorú.

99 De réir na forála sin, i gcás ina dtagann lamháltóir nua in ionad an lamhaltóra tosaigh i ndiaidh comharbas go hiomlán nó go páirteach, i ndiaidh oibríochtaí maidir leis an gcuideachta a athstruchtúrú, go háirithe ceannach, fáil, dócmhainneacht oibreora eacnamaíoch eile lena gcomhlíontar na critéir roghúcháin cháilíochtúil arna mbunú ar dtús, ní mór don lamháltóir nua na critéir roghnúcháin cháilíochtúla arna mbunú ar dtús a chomhlíonadh.

100 Ar na cúiseanna arna lua i míreanna 65 go 69 den bhreithiúnas seo, áfach, agus de réir na bhfíoruithe fíorasacha atá le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur, ní cosúil gurb infheidhme pointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 43(1) de Threoir 2014/23 in imthosca amhail imthosca na bpríomhimeachtaí, arb é atá de réir a dtréithe modhnú ar struchtúr scairshealbhóirí, eadhon ASPI.

101 Ní fhorchuirtear le haon fhoráil eile d'Airteagal 43 den Treoir sin, lena rialaítear go huileghabhálach na cásanna inarb inmhodhnaithe lamháltas gan nós imeachta dámhachtana nua a eagrú, iontaofacht an lamháltóra a fhíorú.

102 Thairis sin, bíodh is go gceanglaítear le hAirteagal 44 de Threoir 2014/23 ar Bhallstáit foráil a dhéanamh go bhféadfaidh údarás conarthach deireadh a chur le lamháltas reatha i dtrí chás, de réir phointe (a) den Airteagal sin, i gcás inar cheart don mhodhnú ar an lamháltas a bheith faoi réir nós imeachta dámhachtana nua, ní aithnítear leis an Airteagal sin, ná le haon fhoráil eile den Treoir sin, na hoibleagáidí ar an údarás conarthach a bhfuil foráil le déanamh dóibh ag na Ballstáit, i gcás gur mhainnigh an lamháltóir sna hoibleagáidí a cheanglaítear air leis an gconradh lamháltais.

103 In éagmais comhchuibhiú ar leibhéal an Aontais, is faoi gach Ballstát atá sé na rialacha a shocrú lena bhfágtar gur féidir leis an údarás conarthach frithbheart a dhéanamh i gcás ina ndearna an t-údarás sin, nó ina meastar go ndearna sé sárú conarthach tromchúiseach, lena dtugtar a iontaofacht faoi cheist, agus an lamháltas á chomhlíonadh.

104 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist nach mór Airteagal 43 de Threoir 2014/23 a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhféadfaidh an t-údarás conarthach modhnú a dhéanamh ar lamháltas reatha gan measúnú a bheith déanta aige ar iontaofacht an lamháltóra, i gcás nach dtagann an modhnú sin faoi raon feidhme phointe (d)(ii) den chéad fhomhír d'Airteagal 43(1) nó Airteagal 43(5) den Treoir sin. Is faoi gach Ballstát atá sé na rialacha a shocrú lena bhfágtar gur féidir leis an údarás conarthach frithbheart a dhéanamh i gcás ina ndearna an lamháltóir, nó ina meastar go ndearna sé, sárú conarthach tromchúiseach, lena dtugtar a iontaofacht faoi cheist, agus an lamháltas á chomhlíonadh.

Costais

105 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 43 de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain, arna léamh in éineacht le prionsabal ginearálta an dea-riaracháin,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhféadfaidh an t-údarás conarthach modhnú suibiachtúil agus oibiachtúil a dhéanamh ar lamháltas reatha, gan nós imeachta dámhachtana lamháltais nua a eagrú, ar choinníoll nach dtagann an modhnú sin faoi raon feidhme Airteagal 43(5) den Treoir sin agus gur leag an t-údarás conarthach amach na cúiseanna a bhí aige le meas sé nach raibh a leithéid de nós imeachta le heagrú aige.

2. **Maidir le hAirteagal 43 de Threoir Uimh. 2014/23,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhféadfaidh an t-údarás conarthach modhnú a dhéanamh ar lamháltas reatha gan measúnú a bheith déanta aige ar iontaofacht an lamháltóra, i gcás nach dtagann an modhnú sin faoi raon feidhme phointe (d)(ii) den chéad fhomhír d'Airteagal 43(1) nó Airteagal 43(5) den Treoir sin. Is faoi gach Ballstát atá sé na rialacha a shocrú lena bhfágtar gur féidir leis an údarás conarthach frithbheart a dhéanamh i gcás ina ndearna an t-údarás sin, nó ina meastar go ndearna sé, sárú conarthach tromchúiseach, lena dtugtar a iontaofacht faoi cheist, agus an lamháltas á chomhlíonadh.

Sínithe